

# Caoirigh

**Naisc leis an gcuraclam:**
- **Eolaíocht** Dúile beo
  Feasacht agus cúram imshaoil
- **Tíreolaíocht** Imshaoil dhaonna
- **OSPS** Mise agus an domhan mór

## Cuspóirí an cheachta:
Eolas a chur ar chaoirigh, an áit a bhfuil cónaí orthu agus táirgí a fhaighimid uathu.


## Treoirlínte do Mhúinteoirí
Moltar dul tríd an bhfoclóir seo a leanas leis an rang roimh thosú ar an gceacht.

| Foclóir : | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **caora** | **reithe** | **uan** | **ag méileach** | **tréad** | **olann** | **feoil** | **bainne** |


## Caoirigh



Tugtar **caora** ar an ainmhí baineannach.



Tugtar **reithe** ar an ainmhí fireannach.



Tugtar **uan** ar an ainmhí óg.

## Céard iad na fuaimeanna a dhéanann siad?
Bíonn caoirigh **ag méileach**. Tá an fhuaim seo cosúil le “baa”.

## Cá mbíonn cónaí orthu?
Bíonn cónaí ar chaoirigh i bpáirceanna. Cónaíonn said le chéile i ngrúpa mór darbh ainm **tréad.**





## Cad a itheann siad?


Itheann caoirigh féar. Sa gheimhreadh, nuair nach bhfuil mórán féir ag fás, tugann an feirmeoir bia breise dóibh mar fhéar tirim agus cnónna caorach.

## Cad iad na táirgí a fhaighimid ó chaoirigh?

Faighimid **olann** agus **feoil** ó chaoirigh. Faighimid bainne chun cáis a dhéanamh freisin.







## Gníomhaíochtaí:


- Déan cóipeanna den bhileog oibre ar leathanach 21.
- Is féidir an dán "Baa Baa Black Sheep" a úsáid chun tús a chur leis an gceacht seo agus is féidir plé a dhéanamh ar na fuaimeanna éagsúla a dhéanann ainmhithe.
- Déan pictiúr de thréad caorach le holann cadáis.
- Déan plé ar na hearraí difriúla a dhéantar as olann, éadaí na bpáistí ina measc – geansaithe, stocaí srl.
- Is féidir an ceacht seo a nascadh leis an gceacht ar an bhFeirmeoir Gaelach – an feirmeoir ag tabhairt aire do na hainmhithe srl.
- Déan scrudú ar ghrianghraif/pictiúir den fheirm agus déan liosta de na hainmhithe a aithníonn na páistí. Cé acu atá le feiceáil thart timpeall na scoile agus cén fáth atá /nach bhfuil said ann?
- Déan plé ar an timpeallacht - go bhfuil orainn í a roinnt le plandaí agus ainmhithe agus go bhfuil daoine ag brath ar fheirmeoireacht chun bia a fháil.[Féach An Feirmeoir Gaelach Lch 2].
- Tá ábhair bhreise le fáil i Roinn 2, 3, 4.

## Toradh an cheachta:

Ag deireadh an cheachta, ba chóir go dtuigfidh na páistí an foclóir thuasluaite, cá mbíonn conaí ar chaoirigh, cad a itheann siad agus na táirgí a fhaighimid uathu.

## Áiseanna Breise

- www.agriaware.ie
- "Agriculture – Cool or what?" DVD/fístéip ar fáil saor in aisce ó oifig Agri Aware




# Caoirigh

Ainm: ______________________

Dáta: _______________

**1 Féach ar na pictiúir agus scríobh na focail.**

**An raibh a fhios agat?**
Bíonn caoirigh dubh agus donn mar aon le bán!




Seo iad na c______________________.


**2 Féach ar na táirgí caorach (na rudaí a fhaighimid ó chaoirigh). Dathaigh na pictiúir agus scríobh na focail.**




geansaí



feoil



scairf



cáis